



An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Page content - 17/01/2018

Airteagal 228

(sean-Airteagal 195 CCE)

1. Cumhachtófar Ombudsman Eorpach, a thoghfaidh Parlaimint na hEorpa, chun gearáin a ghlacadh ó aon saoránach den Aontas nó ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát maidir le cásanna drochriaracháin i ngníomhaíochtaí na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí nó na ngníomhaireachtaí Aontais, seachas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i bhfeidhmiú a feidhmeanna breithiúnacha di. Scrúdóidh sé nó sí na gearáin sin agus déanfaidh sé nó sí tuarascáil orthu.

I gcomhréir lena dhualgais, cuirfidh an tOmbudsman na fiosrúcháin i gcrích a bhfuil forais faighte aige chucu ar a thionscnamh féin nó ar bhonn gearán a dhéantar leis go díreach nó trí chomhalta de Parlaimint na hEorpa, ach amháin má tá nó má bhí na fórais a líomhnaítear ina n-ábhar d'imeachtaí dlíthiúla. I gcás go suíonn an tOmbudsman go bhfuil drochriarachán i gceist, cuirfidh sé an cás faoi bhráid na hinstiúide i dtrácht agus beidh trí mhí aici chun a tuairim a thabhairt dó. Ansin díreoidh an tOmbudsman tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an institiúid i dtrácht. Cuirfear an duine a rinne an gearán ar an eolas faoi thoradh na bhfiosrúchán sin.

Tíolacfaidh an tOmbudsman tuarascáil do Parlaimint na hEorpa gach bliain ar thorthaí a chuid fiosrúchán.

2. Toghfear an tOmbudsman tar éis gach toghcháin do Parlaimint na hEorpa go ceann théarma oifige Parlaimint na hEorpa. Féadfar a théarma oifige a athnuachan.

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais an tOmbudsman a bhriseadh arna iarraidh sin do Parlaimint na hEorpa mura gcomhallfaidh sé a thuilleadh na coinníollacha is gá chun a fheidhmeanna a fheidhmiú nó má bhí sé ciontach i mí-iompar tromchúiseach.

3. Beidh an tOmbudsman neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a fheidhmeanna. I gcomhlíonadh a dhualgas dó, ní iarfaidh sé ná ní ghlacfaidh sé teagaisc ó aon rialtas, ó aon institiúid eile, ó aon chomhlacht eile, ó aon oifig eile nó ó aon ghníomhaireacht eile. Ní cead dó, le linn a théarma oifige, gabháil le haon slí bheatha eile, sochrach ná neamshochrach.

4. Socróidh Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di trí bhíthin rialachán ar a thionscnamh féin i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, tar éis tuairim a iarraidh ar an gCoimisiún agus le formheas ón gComhairle, na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta d'fheidhmiú



fheidhmeanna an Ombudsman.

Leaganacha comhdhlúite den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh - An Conradh ar an Aontas Eorpach (leagan comhdhlúite) - An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (leagan comhdhlúite) - Prótacail - Iarscríbhinní - Dearbhuithe a cuireadh i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach na Comhdhála Idir-Rialtasáí a ghlac Conradh Liospóin arna shíniú an 13 Nollaig 2007 - Táblaí comhghaoil